Curaclam
Thuaisceart Éireann

Lá Den Saol

Eochairchéim: 1/2 Blianta: 4/5

Na hEalaíona

- mionsamhlacha 3T;
- rithimí;
- amhránaíocht;
- cruthú éifeachtaí fuaime;
- maisiú scéalta.

Forbairt Phearsanta & Comhthuiscint

- taiscéaladh mothuithe;
- bás agus caill;
- cearta páistí;
- riachtanais agus teastálacha.

An Domhan Thart Orainn

- athrú le ham;
- idirspleáchas;
- áit.

Corpoideachas

- damhsa a chruthú agus a ghníomhú;
- gníomhartha agus gluaiseachtaí bainte le hidéanna agus mothuithe.

FÓCAS

Is iontach a fhaigheann scéalta greim ar shamhlaíocht agus ar dhíograis páistí. Díríonn 'Lá Den Saol' ar an spéis sin a chur ag obair agus cuireann a lán deiseanna ar fáil do pháistí lena gcruthaitheacht a thaiscéaladh, dáimh a bheith acu le daoine eile agus bheith feasach ar thionchar focal agus íomhánna orthu féin.

EFQM Excellence award Winner · Investor in People · ISO 9001 Registered · Customer Service Excellence · ISO 14001 Registered · The Sunday Times 100 Best Companies to Work For 2007 · OHSAS 18001 Registered · Northern Ireland Quality Award

COUNCIL FOR THE **CURRICULUM EXAMINATIONS** AND **ASSESSMENT** 29 Clarendon Road, Clarendon Dock, Belfast BT1 3BG
✆ +44 (0)28 9026 1200 🖷 +44 (0)28 9026 1234 ☎ +44 (0)28 9024 2063 ✉ info@ccea.org.uk 🌐 www.ccea.org.uk

Rewarding Learning

AINMNIGH AN FONN SIN

Rúin Mholta Foghlama

- A thuiscint go dtig fuaim a úsáid le héifeacht a spreagadh.
- Dóigheanna a dtig fuaimeanna a dhéanamh agus a úsáid a thuiscint.
- A thuiscint go dtig fuaimeanna a léiriú le feiceáil.
- Bheith eolach ar an dóigh le fuaim a chruthú agus a thaifeadadh ag úsáid modhanna traidisiúnta agus/nó digiteacha.

Gníomhaíochtaí Molta

Éist le rainn do pháistí agus pléigh na patrúin ríme. Abair rainn shimplí do pháistí le rithim agus cuisle. Déan sealaíocht ag bualadh bos le rithim na rann, ag imirt 'tomhais an rann seo'.

Triail rithimí athfhillteacha a chruthú (ostinaro) le tionlacan a choinneáil le rann, mar shampla, nótaí bheith á n-athfhilleadh ag coinneáil tionlacain le 'Seanfhear Grinn'.

Cuir éifeachtaí fuaime le scéalta traidisiúnta agus aithnidiúla agus úsáid cnaguirlisí i dtiúin nó as tiúin, mar shampla, in 'Seán agus an Gas Pónaire' úsáid nótaí ardaitheacha agus íslitheacha do dhul suas agus do theacht anuas an gas pónaire. Taifead na scéalta ar théipthaifeadán nó ríomhaire glúine.

Éist le ceol a léiríonn scéal, mar shampla, 'Peadar agus an Mac Tíre'. Pléigh na huirlisí a úsáidtear do charachtair éagsúla agus d'éifeachtaí éagsúla, mar shampla, citealdrumaí don ghunnalámhach in 'Peadar agus an Mac Tíre' nó úsáid na fliúite d'éan. Cruthaigh do ghearrscéal féin trí stiallchartún a tharraingt. Úsáid bogearraí TFC mar 'Compose World Junior' le ceol a chruthú do gach mír den stiallchartún ag cloí leis na téamaí agus na fuaimeanna céanna do gach carachtar.

Éist le ceol ó fhógraí teilifíse agus féach leis an fhógra a ainmniú. Amharc ar ghearrthóga as scannáin le fuaim nó gan fhuaim agus pléigh an cineál ceoil a rachadh leis na gearrthóga, mar shampla, ceol fadálach, gasta, sona nó brónach, agus pléigh na huirlisí a d'úsáidfí le hatmaisféar a chruthú. Úsáid bogearraí TFC mar 'Compose World Junior' lena gceol féin a chruthú a rachadh leis na gearrthóga scannáin.

CAD É A THARRAINGÍONN AIRD AR CHARACHTAR I SCÉAL?

Rúin Mholta Foghlama

- Bheith eolach ar cháilíochtaí ábhar éagsúil.
- A thuiscint go dtig ábhair a cheangal ar dhóigheanna éagsúla.
- Bheith eolach ar dhóigheanna a dtig ábhair a cheangal.
- Bheith eolach ar cháilíochtaí meán éagsúil péintéireachta agus tarraingthe.

Gníomhaíochtaí Molta

Labhair faoi charachtair, shuíomh agus scéal-líne rainn do pháiste nó scéal aithnidiúil. Liostaigh carachtair an scéil agus roghnaigh ceann acu le léiriú mar fhíor 3T. Triail dóigheanna le réiteoirí píopa a ghreamú agus a cheangal agus úsáid an t-eolas seo le cruth coirp a dhéanamh, le bolg agus ceann toll. Ba chóir an fhíor a thógáil suas tríd an bholg agus an ceann a líonadh le nuachtpháipéar, daingnithe le giotaí beaga de théip chumhdaigh. Filltear na sciatháin agus na cosa i stiallacha nuachtpháipéir agus críochnaítear an corp iomlán le clúdach mín de théip chumhdaigh (tuairim is 15cm ar airde do ghnáthcharachtar fásta). Measc péinteanna le dath craicinn a chruthú agus cuir ar an fhíor é.

Sórtáil agus roghnaigh na fabraicí, snáitheanna agus maisiúcháin is oiriúnaí le héadaí an charachtair a dhéanamh. Tagair don rann nó scéal leis an smaointeoireacht a oiliúint ar an dóigh leis an fhíor a ghléasadh chomh samhlaíoch agus fírinneach agus is féidir.

Le radharc ón rann nó scéal a léiriú, cuir na carachtair os coinne cúlra shimplí nó timpeallacht 3T a rinneadh de chairtchlár. Cuir ann bolgáin chainte leis an radharc a léiriú. Pléigh na deacrachtaí ar tugadh aghaidh orthu le linn an phróisis agus roinn smaointe agus fuascailtí.

Curaclam Thuaisceart Éireann

CEARTA AN PHÁISTE

Rúin Mholta Foghlama

- An difear idir riachtanais agus teastálacha a thuiscint.
- A aithint gurbh fhéidir nach gcaitear go cothrom i gcónaí le daoine.
- Bheith feasach ar dhearcadh daoine eile.
- A aithint go bhfuil freagracht aonair agus chomhchoiteann don phobal ar gach duine.

Gníomhaíochtaí Molta

Ar shíscéal 'The Happy Prince' le Oscar Wilde atá an ghníomhaíocht seo bunaithe.

Sa scéal, tá cuid mhór ag cuid de na daoine agus fíorbheagán ag cuid eile. An cóir é sin?

Déan dianscrúdú ar liosta de riachtanais páistí. I ngrúpaí, smaoinigh ar an difear idir riachtanais agus teastálacha. Cuir tuilleadh riachtanas leis an liosta faoi scrúdú. Cuir na riachtanais a d'aithin gach grúpa i gcomparáid. Idirbheartaigh agus aontaigh ar na riachtanais is tábhachtaí - bunriachtanais dhaonna, bia b'fhéidir, dídean, grá, cairdeas. (Féach 'Primary Values', 'Leon and Bob').

Faigh amach faoi 'Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh' (in áis Primary Value CCEA). Pléigh an chúis a bhfuil na cearta sin ann.

Pléigh cé acu bhí nó nach raibh teacht ar na cearta sin ag an chailín bheag sa scéal a dhíol cipíní. Pléigh an bhfuil teacht ar na cearta sin ag gach páiste inniu.

Bailigh eolas faoi chearta an pháiste i do phobal féin agus sa phobal dhomhanda ag úsáid, mar shampla, ailt nuachtán, an idirlín (HYPERLINK "http://www.bigpic.biz" www.bigpic.biz) agus chláir theilifíse mar Newsround. Úsáid an t-eolas le liosta a dhéanamh d'amanna agus d'áiteanna a bhfuil páistí in anás, mar shampla, bheith fágtha leo féin sa bhaile, faoi bhulaíocht, bheith ina dteifeach, bheith gan dídean. Taiscéal an dóigh a mbeadh sé i gcás ar bith acu sin. Smaoinigh ar dhóigheanna a dtiocfadh cásanna mar sin a sheachaint nó dóigheanna réamhghníomhacha le cuidiú.

Léigh scéal Chico, páiste sráide a chónaíonn i nDeisceart Mheiriceá agus labhair ar an dóigh a mbíonn tuairimí éagsúla ar chás (Páistí in Anás, Leon agus Bob, as áis Primary Values). I ngrúpaí, úsáid rólghlacadh leis na carachtair éagsúla a léiriú agus mar rang, cinn ar rud a thiocfadh le gach carachtar a dhéanamh le saol Chico a fheabhsú.

Úsáid foinsí traidisiúnta agus digiteacha le taighde a dhéanamh ar eagraíochtaí a chuidíonn le páistí gan dídean, 'Sábháil na Páistí', 'Clann Shíomóin', 'Páistí sa Chroslámhach' nó 'Cúnamh na mBan TÉ'. Scríobh litir ag iarraidh ar ionadaí ó eagraíocht labhairt faoin obair a dhéanann siad agus cad é mar thiocfadh leo cuidiú ar dhóigh éigin.

LÁ DEN SAOL

Eochairchéim: 1/2 Blianta: 4/5

Na hEalaíona
- mionsamhlacha 3T;
- rithimí;
- amhránaíocht;
- cruthú éifeachtaí fuaime;
- maisiú scéalta.

Forbairt Phearsanta & Comhthuiscint
- taiscéaladh mothuithe;
- bás agus caill;
- cearta páistí;
- riachtanais agus teastálacha.

An Domhan Thart Orainn
- athrú le ham;
- idirspleáchas;
- áit.

Corpoideachas
- damhsa a chruthú agus a ghníomhú;
- gníomhartha agus gluaiseachtaí bainte le hidéanna agus mothuithe.

FÓCAS
Is iontach a fhaigheann scéalta greim ar shamhlaíocht agus ar dhíograis páistí. Díríonn 'Lá Den Saol' ar an spéis sin a chur ag obair agus cuireann a lán deiseanna ar fáil do pháistí lena gcruthaitheacht a thaiscéaladh, dáimh a bheith acu le daoine eile agus bheith feasach ar thionchar focal agus íomhánna orthu féin.

COUNCIL FOR THE CURRICULUM EXAMINATIONS AND ASSESSMENT 29 Clarendon Road, Clarendon Dock, Belfast BT1 3BG
✆ +44 (0)28 9026 1200 🖷 +44 (0)28 9026 1234 ☎ +44 (0)28 9024 2063 ✉ info@ccea.org.uk 🌐 www.ccea.org.uk
Rewarding Learning

BÁS AGUS CAILL

Rúin Mholta Foghlama

- A thuiscint gur cuid den bheatha iad fás, athrú agus bás;
- A aithint go bhfuil dóigheanna ann le cuimhneamh.

Gníomhaíochtaí Molta

Ar shíscéal 'The Happy Prince' le Oscar Wilde atá an ghníomhaíocht seo bunaithe.

Is gá le linn aghaidh a thabhairt ar an cheist seo cuimhneamh go haireach ar riachtanais agus íogaireachtaí ar leith na bpáistí.

Taiscéal ceist an bháis mar chuid nádúrtha de bheith beo, mar shampla, de réir mar a d'éirigh an geimhreadh rófhuar, fuair an fháinleog bás. Roinn le daoine eile na mothuithe a braitheadh.

Pléigh cosúlachtaí leis an bhás i ndomhan an dúlra, mar shaolré féileacáin nó planda.

Smaoinigh ar dhuine nó ar pheata dá raibh grá agat ach a cailleadh. Taispeáin iad trí léiriú agus scríobh faoin chúis a raibh an duine nó an t-ainmhí seo chomh tábhachtach agus chomh speisialta sin agat. Tabhair isteach rud éigin ón bhaile a chuireann an duine nó an t-ainmhí i gcuimhne duit, mar shampla, grianghraf, bronntanas. Roinn leis an rang é.

Labhair faoi na cuimhní a bheadh ag na carachtair sa scéal ar an phrionsa agus an fháinleog. Mar rang, tóg clár cuimhne le foscríbhinní agus líníochtaí ó na carachtair éagsúla agus cuimhní ar an phrionsa agus ar an fháinleog.

Labhair ar an dóigh a gcuimhníonn daoine eile ar na mairbh, mar shampla, bláthanna, leaca uaighe agus comóradh bliana.

MOTHUITHE

Rúin Mholta Foghlama

- Bheith in ann réimse leathan mothuithe agus mothúchán a aithint agus a ainmniú.
- Mothuithe láidre a chur in iúl go cuí agus tosú a theacht chun réitigh leo.
- An dóigh a dtig le mothuithe dul i bhfeidhm ar iompar a thuiscint.
- Bheith in ann cuid de na dóigheanna briathartha agus neamhbhriathartha a ndéanann daoine cumarsáid a aithint.
- An dóigh a dtig le mothuithe dul i bhfeidhm ar iompar a thuiscint.

Gníomhaíochtaí Molta

Ar shíscéal 'The Happy Prince' le Oscar Wilde atá an ghníomhaíocht seo bunaithe.

Pléigh réimse na mothuithe sa scéal. Cad é mar a mhothaigh an fháinleog? Cad é mar a mhothaigh tú féin agus tú ag éisteacht leis an scéal?

Úsáid rólghlacadh leis an dóigh a dtig le staidiúir an choirp agus gotha gnúise mothuithe a chur in iúl.

Cuimhnigh sa scéal mar a bhí aghaidh an phrionsa mar mhasc, ach ba iad a chuid deor a d'inis a chuid bróin don fháinleog. Labhair faoi agus déan liosta de mhothuithe a cheilimid in amanna. Smaoinigh ar chásanna ina dtiocfadh maisc mhothaithe a úsáid.

Úsáid róghlacadh le fáil amach faoi dhóigheanna eile le teacht chun réitigh le mothuithe láidre.

Pléigh cásanna sa bhaile agus sa scoil nuair a bheadh agus nuair nach mbeadh sé oiriúnach mothuithe agus mothúcháin a cheilt. Cad chuige a ndéanaimid seo? Cionn is go ndéanfadh daoine gáire, go gcuirfí olc orthu, go sílfeadh siad go bhfuilimid bómánta? An buntáiste dúinn in amanna ár gcuid mothuithe a cheilt?

Dear agus déan maisc 'mhothaithe'.

Curaclam
Thuaisceart Éireann

SCÉAL NA BEATHA

Rúin Mholta Foghlama

- A thuiscint go dtugann fás athrú agus go leanann sé seicheamh.
- A aithint go bhfuil mionsonraí riachtanach i mbreathnuithe.
- An gá atá le triail chothrom a thuiscint.
- Fios a bheith agat gurbh fhéidir go mbeadh réimse fuascailtí ar fhadhb.
- Bheith eolach ar eilimintí plean a threoróidh an próiseas déantúis.
- Fios a bheith agat go mbíonn modhanna áirithe taifeadta níos oiriúnaí na cinn eile i gcuid de chásanna.

Gníomhaíochtaí Molta

Cén rud é planda nó ainmhí? Cén rud ba chóir dúinn a chuardach nuair a théimid a lorg plandaí/ainmhithe. Pléigh agus cinn ar an dóigh le breathnuithe a thaifeadadh, mar shampla, léaráid Venn, scór, liosta, tábla nó ceamara digiteach a úsaid. Déan turas céadfach sa timpeallacht áitiúil le tuilleadh scrúdaithe a dhéanamh. Cinn mar rang ar 'A bhfuil ar eolas againn cheana faoi rudaí beo' agus 'An méid ba mhaith linn a fhoghlaim faoi rudaí beo'.

Déan staidéar gnáthóg (éin, crainn, mionainmhithe srl) i dtimpeallacht na scoile agus/nó in achar áitiúil níos leithne (staidéar cladach farraige, coille nó abhann). Spreag réimse ceisteanna, agus cuir san áireamh cinn a thig a fhreagairt le fiosrú triail chothrom, mar shampla, 'Cén cineál beathaitheora is fearr le héin?', 'Cé na dálaí is fearr ina bhfásfaidh síolta crainn?', nó 'Cé na bianna is fearr le mionainmhithe?'. Forbair deiseanna le teicneolaíocht a chomhcheangal, mar shampla, plean agus dear fuascailtí ceisteanna, mar, 'Cad é mar a bheathóidh éin sa gheimhreadh?', nó 'Cad é mar a gheobhaidh ainmhithe foscadh sa gheimhreadh?'. Cruthaigh pleananna agus léarscáileanna an achair staidéir. I ngrúpaí, úsáid leabhair agus/nó an tIdirlíon le taighde a dhéanamh ar ghnáthóga i ndúichí eile, mar shampla, gnéithe den tírdhreach, beatha ainmhithe/plandaí. Cuir i gcomparáid agus i gcodarsnacht leis an staidéar áitiúil iad. Thiocfadh go mbeadh ar na samplaí, Réigiúin Pholacha, Réigiúin Ghaineamhlaigh agus Réigiúin Cladach Farraige.

I ngrúpaí, cuir na torthaí i láthair i réimse dóigheanna, mar shampla, gníomhaigh saolré nó biashlabhra, úsáid físeán digiteach le scéal shíol an chrainn a léiriú, damhsa na cuiteoige nó fógra le beathaitheoir nuadheartha éan a mhargú.

LÁ DEN SAOL

Eochairchéim: 1/2 Blianta: 4/5

Na hEalaíona

- mionsamhlacha 3T;
- rithimí;
- amhránaíocht;
- cruthú éifeachtaí fuaime;
- maisiú scéalta.

Forbairt Phearsanta & Comhthuiscint

- taiscéaladh mothuithe;
- bás agus caill;
- cearta páistí;
- riachtanais agus teastálacha.

An Domhan Thart Orainn

- athrú le ham;
- idirspleáchas;
- áit.

Corpoideachas

- damhsa a chruthú agus a ghníomhú;
- gníomhartha agus gluaiseachtaí bainte le hidéanna agus mothuithe.

FÓCAS

Is iontach a fhaigheann scéalta greim ar shamhlaíocht agus ar dhíograis páistí. Díríonn 'Lá Den Saol' ar an spéis sin a chur ag obair agus cuireann a lán deiseanna ar fáil do pháistí lena gcruthaitheacht a thaiscéaladh, dáimh a bheith acu le daoine eile agus bheith feasach ar thionchar focal agus íomhánna orthu féin.

EFQM Excellence award Winner · Investor in People · ISO 9001 Registered · Customer Service Excellence · ISO 14001 Registered · The Sunday Times 100 Best Companies to Work For 2007 · OHSAS 18001 Registered · Northern Ireland Quality Award

COUNCIL FOR THE CURRICULUM EXAMINATIONS AND ASSESSMENT 29 Clarendon Road, Clarendon Dock, Belfast BT1 3BG
✆ +44 (0)28 9026 1200 +44 (0)28 9026 1234 ☎ +44 (0)28 9024 2063 ✉ info@ccea.org.uk 🌐 www.ccea.org.uk

Rewarding Learning

INIS SCÉAL DOM

Rúin Mholta Foghlama

- Tábhacht na scéalaíochta inár saol inniu a aithint.
- A thuiscint gurbh fhéidir go bhfuil fáthanna ann a ndearna daoine mar a rinne siad san am a chuaigh thart.
- A thuiscint go dtig an aimsir chaite a léiriú ar bhealaí éagsúla.
- Bheith eolach ar chuid de na dóigheanna nárbh ionann an saol san aimsir chaite agus saol an lae inniu.

Gníomhaíochtaí Molta

Faigh amach faoi na scéalta is fearr leo sa rang.

Fiosraigh i measc baill de phobal na háite faoi na scéalta is fearr leo agus úsáid bogearraí TFC mar 'Information Workshop 2000' leis na torthaí a thaifeadadh agus a láithriú.

Smaoinigh ar an dóigh ar thosaigh an scéalaíocht, mar shampla, líníochtaí uaimhe an duine luaith agus léaráidí scéal na seilge nó luathscríbhinní scéalta na hÉigipte (CD-ROM Egyptians).

Cruthaigh agus gníomhaigh scéalta bunaithe ar phéintéireachtaí uaimhe nó iairiglifí, ar sheanmhiotaseolaíocht nó ar fhinscéalta.

Taiscéal forbairt an scéil mar ghléas siamsaíochta, mar shampla, ríthe ag fostú scéalaithe, scéalaithe i mBéaloideas na hÉireann nó i ságaí Lochlannacha ar ruathair (CD-Rom Vikings).

Úsáid scéalta éagsúla mar bhun le turais Lógó a thaiscéaladh ag úsáid bogearraí mar 'Roamer World' nó 'Blackcat Logo' (The Adventures of Odysseus).

Pléigh an dóigh ar chaith daoine san am a chuaigh thart a gcuid ama fóillíochta ag ceangal na bponcanna (réaltaí) sa spéir. Faigh amach faoin dóigh ar cheangail sochaithe éagsúla na poncanna ar bhealaí éagsúla lena gcuid scéalta féin a insint. I ngrúpaí, ceangail na poncanna réaltacha agus cum do chuid scéalta réaltbhuíne féin. Tarraing na scéalta ar scéalchlár, úsáid dráma leis na scéalta a ghníomhú. Smaoinigh ar dhóigheanna le truailliú solais a chosc, mar shampla, múch soilse gan ghá agus dírigh síos iad. Smaoinigh ar dhóigheanna le daoine eile a chur ar an eolas faoi seo, mar shampla, trí fheachtas a eagrú.

Smaoinigh mar a mhill soilsiú sráide (truailliú solais) radharc ar spéir na hoíche a bhíodh ina inspioráid ag a lán daoine, mar shampla, ag scríobh scéalta a bhain le patrúin réaltaí, filíocht agus ceol. Smaoinigh ar thrí fhoinse éagsúla truailliú solais, mar shampla, soilse slándála ar thithe daoine eile, soilse a shoilsíonn suas in áit síos, agus dallrú ceannsoilse cairr a dhallann rudaí eile trí dhaoine a dhallrú. Breathnaigh ar spéir na hoíche ón bhaile. An mbíonn éifeacht ag truailliú solais ar an spéir san áit a gcónaíonn tú?

Úsáid an t-idirlíon le scéalta na réaltbhuíonta a lorg i sochaithe éagsúla, mar shampla, Síneach, Afracach, Meiriceánach nó Indiach agus cuir i gcomparáid le miotaseolaíocht na hEorpa iad.

Cuir carachtair as scéalta clúiteacha, anois agus san am a d'imigh, sa 'suíochán te' agus déan rólghlacadh leo.

Faigh amach faoin scéalaíocht le blianta beaga, mar shampla, 'Listen with Mother' nó 'Jackanory' agus a gcómhaith sa lá inniu.

Bailigh scéalta as luathreiligiúin, mar shampla, déithe a chonacthas mar an ghaoth, an ghrian. Tabhair cuairt ar larsmalann Uladh le fáil amach faoin dóigh ar imir scéalta na Sean-Éigipteach faoi chruthú an domhain tionchar ar a saol, a n-ealaín agus a n-ullmhú don saol eile. Oibrigh mar rang iomlán le ságaí nó miotais eile a chruthú agus a láithriú ag úsáid leideanna agus frapaí.

Cuir i gcomparáid agus i gcodarsnacht carachtair as scéalta ficsin agus neamhfhicsin.

Éist le hathchóiriú ceoil Jeff Wayne ar scéal 'Cogadh na Reann' le HG Wells. Faigh amach faoi chuid de na taiscéalaithe róbait a scrúdaigh an pláinéad Mars. Cuir i gcomparáid an dóigh a léiríonn scannáin, cartúin agus/nó greannáin eachtrannaigh (mar shampla, ET).

Fiosraigh an dóigh a mbíonn tábhacht le scéalta mar fhianaise stairiúil.

Iarr ar scéalaithe áitiúla teacht chun na scoile. Éist le seisiúin scéalaíochta bunaithe ar scéalta Éireannacha, Meiriceánacha agus Dhúchasach Mheiriceá le linn cuairte ar Dhaonpháirc Uladh Mheiriceá nó gabh chuig seisiún scéalaíochta in larsmalann Daonchultúir agus Iompair Uladh.

Smaoinigh ar na cáilíochtaí agus scileanna tábhachtacha a léiríonn scéalaí maith. Pléigh tábhacht an róil s'againne i gcaomhnú na scéalaíochta, mar shampla, scéalta a insint muid féin nó scéalta a scríobh.

Tabhair cuairt ar ranganna páistí níos óige agus roinn scéalta leo.

Curaclam
Thuaisceart Éireann

Lá Den Saol

Eochairchéim: 1/2 Blianta: 4/5



Na hEalaíona

- mionsamhlacha 3T;
- rithimí;
- amhránaíocht;
- cruthú éifeachtaí fuaime;
- maisiú scéalta.

Forbairt Phearsanta & Comhthuiscint

- taiscéaladh mothuithe;
- bás agus caill;
- cearta páistí;
- riachtanais agus teastálacha.

An Domhan Thart Orainn

- athrú le ham;
- idirspleáchas;
- áit.

Corpoideachas

- damhsa a chruthú agus a ghníomhú;
- gníomhartha agus gluaiseachtaí bainte le hidéanna agus mothuithe.

FÓCAS

Is iontach a fhaigheann scéalta greim ar shamhlaíocht agus ar dhíograis páistí. Díríonn 'Lá Den Saol' ar an spéis sin a chur ag obair agus cuireann a lán deiseanna ar fáil do pháistí lena gcruthaitheacht a thaiscéaladh, dáimh a bheith acu le daoine eile agus bheith feasach ar thionchar focal agus íomhánna orthu féin.

EFQM Excellence award Winner · INVESTOR IN PEOPLE · ISO 9001 Registered · CUSTOMER SERVICE EXCELLENCE · ISO 14001 Registered · The Sunday Times 100 Best Companies to Work For 2007 · OHSAS 18001 Registered · NORTHERN IRELAND QUALITY AWARD

COUNCIL FOR THE **CURRICULUM EXAMINATIONS** AND **ASSESSMENT** 29 Clarendon Road, Clarendon Dock, Belfast BT1 3BG
✆ +44 (0)28 9026 1200 🖷 +44 (0)28 9026 1234 ☎ +44 (0)28 9024 2063 ✉ info@ccea.org.uk 🌐 www.ccea.org.uk

Rewarding Learning

LÁ DEN SAOL

Rúin Mholta Foghlama

- Bheith in ann smaoineamh go cruthaitheach agus go grinn trí réimse comhthéacsanna gluaiseachta.
- Bheith in ann triail a dhéanamh le réimse gluaiseachtaí coirp.
- Bheith in ann oibriú leo féin, le páirtí agus i ngrúpa.
- Bheith eolach ar an dóigh le measúnú agus lena ngluaiseachtaí féin agus cuid daoine eile a fheabhsú.

Gníomhaíochtaí Molta

Damhsa Lá Den Saol

Déan triail ar a n-aonar le réimse leathan gníomhaíochtaí, ag athrú agus ag ceangal patrún spásúil, luais, teannais agus leanúnachais. Oibrigh anois le páirtí agus ansin i ngrúpa.

Iarr ar pháistí i ngrúpaí damhsa a chruthú ag úsáid réimse patrún gluaiseachta, iad sin san áireamh ó amanna, áiteanna, agus chultúir éagsúla.

Gníomhaigh iad don chuid eile den rang.

Labhair faoi dhamhsaí a chéile agus faoin am, áit agus chultúr as ar tháinig siad, dar leo.

Oidhe Chlainne Lir

Léigh agus pléigh scéal 'Oidhe Chlainne Lir'. Labhair faoi shonas agus éad.

Spreag na páistí le héad agus sonas a chur in iúl le gluaiseachtaí. Cuidigh leo na healaí san fharraige a shamhlú agus a ngluaiseachtaí a ghníomhú ar uiscí ciúine agus garbha.

Faigh amach faoi mhiotais agus fhinscéalta eile atá ar eolas ag na páistí.

Iarr orthu smaoineamh ar mhiotais agus fhinscéalta eile a thiocfadh leo a ghníomhú.

ÁISEANNA Leathanach 1

Curaclam Thuaisceart Éireann

LÁ DEN SAOL

Áiseanna Digiteacha

Bogearraí TFC

I Love Science
Encarta
Become A World Explorer
Numberbox 2
Compose World Junior
Egyptians CD-ROM
Vikings CD-ROM
Blackcat Logo
Roamer World
Through My Window

Suímh Ghréasáin Mholta

www.unesco.org

www.amnesty.ie

www.storiesfromtheweb.org/index.htm
(stories, poetry, library links etc.)

www.sutton.lincs.sch.uk/pages/zone/story/start.html
(story starts)

museum.man.ac.uk/botany/grow.htm (grow a plant)

www.channel4.com/learningshop

www.bigpic.biz
(One World Centre Citizenship website for kids)

www.magni.org.uk
(National Museums and Galleries of Northern Ireland)

www.britastro.org/dark-skies-articles-yesteryear.html?10

www.armaghplanet.com

www.bbc.co.uk/northernireland/schools/4_11/stepitout/

www.ga.wikipedia.org (Wikipedia i nGaeilge)

www.makebeliefscomix.com/ (Is féidir greannán a chumadh i nGaeilge ar an suíomh seo)

www.bbc.co.uk/cbeebies/boogiebeebies/world/
(Físeáin de dhamhsaí difriúla domhanda – i mBéarla)

www.learningni.net
Staffroom → Gaelscolaíocht → Eochairchéim 2 → AG FÁGÁIL AN BHAILE (Fiosrú ar eisimirce ó Éire)

http://194.149.76.112/COGG/StuDentMaterials/stm.aspx?id=311
(Réimse mhaith nuachtlitreacha 'Euraka 2' ó COGG): 2.3 'Gleo Glór Fothram Callán Torann', 2.7 'Éist le hEolaíocht'

www.bbc.co.uk/irish/video_audio/player/377/gaeilge/
(Físeán ar dhéanadh 'Colin agus Cumberland' – beirt charachtair cartúin)

www.bbc.co.uk/irish/video_audio/player/114/gaeilge/
(Físeán ar 'Damhsa Sean-Nóis')

www.bbc.co.uk/irish/articles/view/404/gaeilge/
(Físeán ar 'Teanga Chomharthaíochta')

www.bbc.co.uk/irish/video_audio/player/548/gaeilge/
(Físeán ar 'Róisín Elsafty' - amhránaíocht an tsean-nóis i gConamara)

www.bbc.co.uk/irish/video_audio/player/448/gaeilge/
(Físeán ar 'Amhrán Sean-Nóis le hAoibhinn Ní Shúilleabháin')

www.bbc.co.uk/irish/articles/view/637/gaeilge/
(Físeán ar 'Tionscadal na Saimbia / Project Zambia – 6 fhiseán ar fad')

www.bbc.co.uk/irish/video_audio/player/468/gaeilge/
(Físeán ar 'Havana'che' – ceol agus Damhsa ó Chúba)

www.bbc.co.uk/irish/video_audio/player/459/gaeilge/
(Físeán ar 'Capoeira' – ealaín/damhsa ó thraidisiún na Brasaíle)

Áiseanna Digiteacha

Leabhar/Áiseanna Teagaisc

Planning for Progress in Art and Design, p43 (Northern Ireland Education and Library Boards)

Alligator Raggedy Mouth: Making Music with Poems and Rhymes, (Chapter 7), Maureen Hanke (A & C Black Publishers Ltd:1996) ISBN: 0713642815

Primary Values (CCEA:2001)

Fred, Posy Simmonds (Red Fox: 2001) ISBN: 0099264129

Leon and Bob, Simon James (Walker Books: 2003) ISBN: 0744598036

The Happy Prince, Oscar Wilde (Orchard Books:1996) ISBN: 1860390927

Discovery World: My Bean Diary, Monica Hughes (Heinemann Primary:1999) ISBN: 043509792X

Irish Myths and Tales, Carolyn Swift

The Country Diary of an Edwardian Lady, Edith Holden (Top That Publishing:2006) ISBN: 1846660149

Finding the Griz, Brin Martin (NES Arnold: 1997)

Hunting the Griz, Brin Martin (NES Arnold: 1997)

Primary School Gymnastics, A Teaching Manual KS2, Val Sabin (Val Sabin Publications: 2002)

Iontas an Domhain, (An tÁisaonad: 1999) ISBN: 0790129817

Eolaíocht Bhunscoile 1, (An tÁisaonad: 2000)

An Baile Gan Dath, (An tÁisaonad: 2008) ISBN: 9780732748166

Ní Sin Mar a Cheaptar an Ghealach, (An tÁisaonad: 2006) ISBN: 0732746655

Céim ar Chéim 18 - Dialann Lus Gréine, (An tÁisaonad: 2005) ISBN: 0790130718

Scéalta Slítheanta, (An tÁisaonad: 2008) ISBN: 9780732748173

An Prionsa Sona, Oscar Wilde, (An Gúm: 2004) ISBN: 1857915275

Is Cuimhin Liom Róló, Tadhg Mac Donnagáin, (Futa Fata: 2009) ISBN: 9781906907013

An bhfuil Rún Agat?, Tadhg Mac Donnagáin, (Futa Fata: 2009) ISBN: 9780955098390

An Fathach Uaigneach, Mylene Cullen, (An Gúm)

Na Trí Mhuc Bheaga (An tÁisaonad: 2006) ISBN: ISBN 0 7327 4544-6

Clos/Amhairc (Téacsanna Meán)

Musical Morning Tapes (Education and Library Boards)

Children's Classics [Audio CD], includes 'Peter and the Wolf' by Prokofiev, conductor Leonard Bernstein (Sony:1998)

Peter and the Wolf [DVD] (Sony:2003)

'Growing Plants' [4Learning videos], order code:252736. Tel: 0870 1246 444

'ET: The Extra-Terrestrial' [Video], Steven Spielberg (Paramount:1982)

Rough Guide to Irish Folk Music [CD] (Rough Guide to Music of British Isles)

Dlúthdhiosca 1 agus 2, – (An Gúm: 2008) ISBN: 9781857917376

Peigín Leitir Móir – Amhráin agus Rannta Traidisiúnta Gaeilge, Tadhg Mac Dhonnagáin agus John Ryan (Futa Fata: 2005) ISBN: 9780955098376

Curaclam Thuaisceart Éireann

Cur Le Forbairt Scileanna

Ar fud na réimsí san SFN seo tá deiseanna le heispéiris a sholáthar a chuideodh le forbairt scileanna Cumarsáide, Úsáid na Matamaitice, Úsáid TFC agus Scileanna Smaointeoireachta agus Ábaltachtaí Pearsanta.

Úsáid na Matamaitice

- Gluaiseacht agus treo a thaiscéaladh agus tuiscint den uillinn mar thomhas tiontaithe, i réimse dóigheanna a léiriú, úsáid TFC san áireamh;
- Measatcháin d'aonaid chaighdeánacha a dhéanamh, iad a aithint agus a úsáid le fad a thomhas;
- Réimse aonad agus uirlisí tomhais a roghnú agus a úsáid mar is oiriúnach (fáth na roghanna a lua);
- Úsáid bileog breathnaithe agus/nó modhanna scóir le sonraí a bhailiú.
- An t-eolas seo a aistriú go tábla minicíochta;
- Barra-chairteacha a thógáil agus a lipéadú ar aiseanna tugtha a éilíonn scálaí simplí agus na torthaí a léirmhíniú;
- TFC a úsáid le heolas a thaifeadadh, a aimsiú agus a láithriú ar dhóigheanna éagsúla.

Cumarsáid

- Tosú a nochtadh tuairimí ar an phróiseas a d'úsáid siad lena n-idéanna a fhorbairt;
- Tosú a labhairt ar dhóigh struchtúrtha agus sheicheamhaithe ag cur céille in iúl go soiléir do lucht éisteachta;
- A gcuid cainte a sheicheamhú i gcomhthéacsanna éagsúla agus ar chuspóirí éagsúla;
- Éisteacht le agus freagairt do réimse spreagthachtaí;
- Éisteacht leis agus freagairt mar is cuí don mhéid a deir daoine eile;
- Labhairt faoin dóigh a gcuireann na céadfaí lenár dtuiscint d'imeachaí, d'atmaisféar agus de charachtair;
- Idéanna agus eolas cuí a thabhairt ar an ábhar agus an chuspóir;
- Foclóir oiriúnach a úsáid le smaointe, mothuithe agus samhluithe faoi eispéiris/imeachtaí a chur in iúl;
- Teanga, céadfaí, gluaiseachtaí agus gothaí a úsáid le linn ról a ghlacadh;
- Feasacht a léiriú go mbíonn tuairimí éagsúla ann agus, faoi threoir múinteora, féachaint le teacht chun réitigh ar thopaic a tugadh;
- Labhairt faoin mhéid a dúirt siad, an dóigh ar láimhsigh siad a gcuid cainte agus arbh fhéidir í a fheabhsú;
- Tuiscint a léiriú trí chuid de phríomhphointí téacs, athinsinte agus seicheamhaithe a aithint le beaichte éigin;
- Freagairt do théacsanna ag tosú a úsáid fianaise téacsúla agus a tharraingt conclúidí;
- Tosú a chruthú tuairimí ag féachaint le fáthanna a gcuid tuairimí a thabhairt;
- Labhairt le daoine eile go measartha mion faoin mhéid a léadh/a chonacthas, ag nochtadh tuairimí agus ag éisteacht le tuairimí daoine eile;
- Rannpháirtíocht éigin a léiriú trí thosú ar rogha phearsanta leabhar/údar/seánraí a chur in iúl;
- Tosú a aithint úsáid teanga atá tuairisciúil agus tromchiallach le pictiúir/imeachtaí/atmaisféar a thógáil;
- Léamh le cuspóirí dearfacha chun cuidiú le tabhairt faoi thasc/ghníomhaíocht;
- Feasacht do straitéisí éagsúla a fhorbairt le heolas a aimsiú, m.sh. eochairfhocail, scimeáil agus scanadh, úsáid inneall cuardaigh;
- Tosú a úsáid foirme cuí, ag léiriú céille de struchtúr agus d'eagrú;
- Tosú a ghiniúint idéanna le dianscrúdú nó roghnú ó eolas a sholáthair an múinteoir nó ó TFC;
- Réimse idéanna, smaointe, mothuithe a chur in iúl agus scríobh le samhlaíocht ar thopaicí/shuímh/charachtair agus dhálaí;
- Tosú a úsáid stór focal leathnaithigh le ciall a fheabhsú don léitheoir;
- Réimse eolais agus idéanna a eagrú le soiléire éigin;
- Tosú a thaiscéaladh gnéithe éagsúla teanga agus láithrithe;
- Oibriú (le nó gan aosaigh) i mbeirteanna, i ngrúpaí beaga nó mar rang iomlán le heolas nó idéanna a léiriú ar chúis a tugadh.

Cur Le Forbairt Scileanna

Úsáid TFC

- Téacs a chumadh agus a eagrú ar scáileán le hidéanna a chur in iúl agus a fhorbairt;
- Íomhánna nó fuaimeanna oiriúnacha a roghnú agus a úsáid agus téacs a chur leo agus/nó a nguthú féin;
- Eolas ó réimse foinsí agus áiseanna tugtha digiteacha a aimsiú, a roghnú, a eagrú agus a úsáid;
- Téacs a nascann fuaim agus/nó grafaicí a chruthú agus a eagrú;
- Sonraí a bhailiú agus a chur isteach, á láithriú i bhfoirm ghrafach agus ag déanamh breathnuithe;
- Obair a chur i láthair agus in iúl ar dhóigheanna éagsúla ag léiriú feasachta do lucht éisteachta agus chuspóir;
- Sraith treoracha a dhéanamh agus a eagrú le fadhbanna a fhuascailt ag úsáid gléasanna nó timpeallachtaí digiteacha.

Scileanna Smaointeoireachta agus Ábaltachtaí Pearsanta

Bainistiú Faisnéise: Fiafraigh ceisteanna is dírithe ag úsáid a smaointe féin agus cuid daoine eile le heolas a aithint agus a aimsiú. Ceangal gníomhaíochtaí anois le heolas a fuarthas. Tosú a phleanáil na gcéad chéimeanna eile, ag roinnt tascanna ina bhfothascanna agus ag beartú spriocanna.

Smaointeoireacht, Fadhbréiteach: Achoimriú le tuiscint a léiriú. Seicheamhú, ordú agus rangú ar thoisí éagsúla. Déanamh comparáidí agus ceangal. Tástáil tuarthaí agus lorg fianaise. Giniúint roghanna agus moladh fuascailtí ar fhadhbanna. Bheith córasach le linn taisc. Míniú modhanna agus tuairimí, tabhairt fáthanna le roghanna agus gníomhaíochtaí.

Bheith Cruthaitheach: Glacadh am le samhlaíocht a úsáid chun suilt. Léiriú fiosrachta, éisteacht le agus roinnt idéanna agus eispéireas. Giniúint idéanna agus roghanna, tógáil agus comhcheangal idéanna. Baint suilt as an neamhghnách, an ghnách agus an iontach. Eispéiris a bheith acu le hiomlán a gcéadfaí. Tástáil agus fiosrú ceisteanna san fhíorshaol.

Ag Obair le Daoine Eile: Forbairt nósanna comhfhoghlama. Léiriú an chumais foghlama ó ghníomhaíochtaí comhroinnte agus múnlaithe. Éirí sciliúil ar shealaíocht, chomhroinnt agus chomhoibriú. Cinneadh ar an rud a chaithfear a dhéanamh agus gabháil freagrachta pearsanta as gnéithe den obair. Léiriú cothrom agus meas ar mhothuithe agus idéanna daoine eile.

Féin-Bhainistiú: A sheiceáil go bhfuil siad ag cur cuspóra i gcrích trí labhairt ar a bhfuil siad a fhoghlaim. Seiceáil a gcuid oibre i gcomhair beachtais agus cruinnis. Feidhliú le tascanna. Athbhreithniú an dóigh a ndearnadh an obair agus gné éigin di a thiocfadh a fheabhsú. Tosú a oibriú i dtreo spriocanna pearsanta. Lorg cuidithe ó dhaoine eile. Forbairt feasachta ar a láidreachtaí agus a laigí pearsanta.

COUNCIL FOR THE CURRICULUM EXAMINATIONS AND ASSESSMENT 29 Clarendon Road, Clarendon Dock, Belfast BT1 3BG
✆ +44 (0)28 9026 1200 🖷 +44 (0)28 9026 1234 ☎ +44 (0)28 9024 2063 ✉ info@ccea.org.uk 🌐 www.ccea.org.uk
Rewarding Learning